



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Lúnasa 2023
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0170(NLE)

10136/1/23
REV 1

JUSTCIV 81
JAI 772
FREMP 174

TOGRA

Uimh. an doic. ón gCoim.: COM(2023) 281 final/2

Ábhar: Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear na Ballstáit le bheith ina bpáirtithe nó le leanúint de bheith ina bpáirtithe, chun leasa an Aontais Eorpaí, i gCoinbhinsiún an 13 Eanáir 2000 maidir le Cosaint Idirnáisiúnta Daoine Fásta

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 281 final/2.

Faoi iamh: COM(2023) 281 final/2



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.7.2023
COM(2023) 281 final/2

2023/0170 (NLE)

This document corrects COM(2023)281

Concerns all language versions

The error concerns the replacement of the expression ‘opinion’ of the European Parliament by ‘consent’ of the European Parliament in the third citation of the draft Council Decision.

The text shall read as follows:

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena n-údaraítear na Ballstáit le bheith ina bpáirtithe nó le leanúint de bheith ina bpáirtithe, chun leasa an Aontais Eorpaí, i gCoinbhinsiún an 13 Eanáir 2000 maidir le Cosaint Idirnáisiúnta Daoine Fásta

{SWD(2023) 155 final} - {SWD(2023) 156 final} - {SEC(2023) 208 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Tá sé d'aidhm ag an Aontas limistéar saoirse, slándála agus ceartais a chruthú, a choinneáil ar bun agus a fhorbairt ina n-áirithítear saorghluaiseacht daoine, rochtain ar an gceartas agus lánurraim do chearta bunúsacha.

Ba cheart go n-áireofaí leis an aidhm sin freisin cosaint trasteorann do dhaoine fásta nach bhfuil in ann, mar gheall ar a gcuid cumas pearsanta a bheith lagaithe nó neamhdhóthanach, a leasanna féin a chosaint ('daoine fásta'). Is duine fásta é duine a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige.

Tá méadú ag teacht ar líon na ndaoine fásta i gcásanna den sórt sin san Aontas mar gheall ar an daonra atá ag dul in aois agus minicíocht na dtinneas a bhaineann le haois, agus an méadú atá ag teacht ar líon na ndaoine faoi mhíchumas. Ag brath ar reachtaíocht náisiúnta an Bhallstáit ina bhfuil cónaí orthu, féadfaidh siad a bheith faoi bheart cosanta arna dhéanamh ag cúirt nó ag údarás riaracháin, nó féadfaidh tríú páirtí a d'ainmnigh siad roimh ré (trí chumhachtaí ionadaíochta) tacú leo chun a leasanna a bhainistiú.

Ar chúiseanna éagsúla, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar dhaoine fásta a sócmhainní nó a réadmhaoín atá lonnaithe i dtír eile a bhainistiú, dul faoi chúram leighis éigeandála nó pleanáilte thar lear, nó athlonnú chuig tír eile ar chúiseanna éagsúla.

Sna staideanna trasteorann sin, bíonn ar dhaoine fásta aghaidh a thabhairt ar rialacha casta na mBallstát a bhíonn ag teacht salach ar a chéile uaireanta. Áirítear orthu sin cinneadh a dhéanamh cén chúirt nó cén t-údarás eile atá inniúil ar bhearta cosanta a dhéanamh a bhfuil dlínse acu, cén dlí a bhfuil feidhm aige maidir lena gcás, agus maidir le cinneadh a rinneadh nó cumhachtaí ionadaíochta arna mbunú thar lear, conas iad a aithint nó éifeacht a thabhairt dóibh. Mar thoradh air sin, bíonn éiginnteacht dhlíthiúil shuntasach ann do dhaoine fásta, dá dteaghlaigh agus dá n-ionadaithe i ndáil leis na rialacha a mbeidh feidhm acu maidir lena gcás agus i ndáil le toradh na nósanna imeachta agus na bhfoirmiúlachtaí is gá dóibh a dhéanamh. Chun a áirithiú go leanfaidh a gcosaint de bheith éifeachtach thar theorainneacha nó go mbeidh rochtain acu ar a gcearta thar lear, is minic a bhíonn orthu dul trí imeachtaí fada costasacha. I gcásanna áirithe, i ndeireadh na dála, na cúirteanna, na gníomhaithe neamhbhreithiúnacha amhail bainc, baill foirne leighis nó gníomhairí eastáit, ní aithníonn siad a gcosaint ná na cumhachtaí a thugtar dá n-ionadaí.

An 13 Eanáir 2000, faoi choimirce Chomhdháil na Háige um an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach (HccH), an eagraíocht idir-rialtasach arb é is aidhm di 'obair a dhéanamh chun rialacha an dlí idirnáisiúnta phríobháidigh a aontú de réir a chéile'¹, glacadh an Coinbhinsiún maidir le Cosaint Idirnáisiúnta Daoine Fásta (Coinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta). Déantar foráil leis an gCoinbhinsiún seo maidir le corpas cuimsitheach rialacha maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aitheantas agus forfheidhmiú beart cosantach, agus forálacha maidir leis an dlí is infheidhme maidir le cumhachtaí ionadaíochta a thugann éifeacht do chumhachtaí den sórt sin i gcomhthéacs trasteorann. Bunaítear leis freisin sásraí comhair idir údaráis inniúla na Stát Conarthach agus idir Údaráis Lárnacha Stát Conarthach.

Meastar go forleathan gur ionstraim dlí idirnáisiúnta phríobháidigh atá éifeachtúil agus solúbtha é an Coinbhinsiún seo atá oiriúnach dá fheidhm ar an leibhéal domhanda. Leis an

¹ Airteagal 1 de [Reacht](#) Chomhdháil na Háige.

obair a rinneadh le déanaí faoin gCoimisiún Speisialta i dtaca le feidhmiú praiticiúil an Choinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta² cuirfear uirlisí úsáideacha ar fáil do chleachtóirí go luath chun é a chur i bhfeidhm go cuí, uirlis amhail Lámhleabhar Praiticiúil.

Níl ach 12 Bhallstát de chuid an Aontais ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún sin faoi láthair, áfach³. Is cuspóir seanbhunaithe de chuid an Aontais é daingniú Choinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta agus aontachas leis ag na Ballstáit uile.

Ó 2008 i leith, rinne Comhairle an Aontais Eorpaigh⁴, Parlaimint na hEorpa⁵, agus an Coimisiún Eorpach⁶ Coinbhinsiún HCCH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta a fhorghnó go sainráite. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh na Ballstáit agus stáit níos faide i gcéin Coinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta a dhaingniú go forleathan chun go bhfeidhmeoidh sé go héifeachtach. Thacaigh an Pharlaimint go gníomhach le daingniú an Choinbhinsiúin ag na Ballstáit uile, chomh maith le tionscnamh reachtach an Aontais a d'fhéadfadh a bheith ann chun Coinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta a chomhlánú.

Ón 5 go dtí an 8 Nollaig 2018, d'eagraigh an Coimisiún agus HCCH comhdháil chomhpháirteach idirnáisiúnta chun daingniú Choinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint

² <https://www.hcch.net/en/news-archive/details/?varevent=884>

³ An Bheilg, an tSeicia, an Ghearmáin, an Eastóin, an Ghréig, an Fhrainc, an Chipir, an Laitvia, Málta, an Ostair, an Phortaingéil agus an Fhionlainn.

⁴ Sna Conclúidí ón gComhairle 'Cosaint Dhlíthiúil d'Aosaigh Shoghonta' (14667/08 (Press 299), 24.X.2008), d'iarr an Chomhairle ar na Ballstáit nach ndearna amhlaidh cheana '*tús a chur chomh tapa agus is féidir nó leanúint ar aghaidh go gníomhach le nósanna imeachta chun [...] Coinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta a shíniú agus/nó a dhaingniú*' agus d'iarr sí ar na Ballstáit '*atá fós i mbun comhairliúcháin intíre [maidir le dul isteach i gCoinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta] na comhairliúcháin sin a thabhairt chun críche a luaithe is féidir*'. Ina theannta sin, ina conclúidí maidir le 'Clár Stóicólm – Eoraip atá oscailte agus slán, a fhreastalaíonn ar shaoránaigh agus a thugann cosaint dóibh', clár a glacadh in 2009, chuir an Chomhairle Eorpach in iúl gur mian léi go rachadh na Ballstáit isteach i gCoinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta '*a luaithe is féidir*'.

⁵ Féach 'Impleachtaí trasteorann na cosanta dlíthiúla do dhaoine fásta' (P6_TA(2008)0638), rún ó Parlaimint na hEorpa an 18 Nollaig 2008 le moltaí don Choimisiún maidir leis na himpleachtaí trasteorann a bhaineann le cosaint dhlíthiúil daoine fásta (2008/2123(INI)) (2010/C 45 E/13). I míreanna 1-4 den rún, iarradh go ndéanfaidh na Ballstáit Coinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta a dhaingniú agus iarradh ar an gCoimisiún togra reachtach a dhéanamh maidir leis an gcomhar idir na Ballstáit a neartú, chun achoimre a dhéanamh ar shaincheisteanna oibríochtúla agus ar dhea-chleachtais i ndáil leis an gCoinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta, agus chun aontachas féideartha an Chomhphobail Eorpaigh ina iomláine leis an gCoinbhinsiún a mheas. Ní mór a thabhairt faoi deara i Rún 2008 ón bParlaimint gur iarradh ar an gCoimisiún togra a thíolacadh '*a luaithe a fhaightear taithí leordhóthanach ar oibriú an Choinbhinsiúin*'. Ghlac Parlaimint na hEorpa Rún eile an 1 Meitheamh 2017 inar iarradh ar na Ballstáit Coinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta a shíniú agus a dhaingniú agus féinchinntiúchán do dhaoine fásta a chur chun cinn trí reachtaíocht maidir le sainorduithe in oirchill éagumais a thabhairt isteach ina ndlí náisiúnta.

⁶ Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, '*Delivering an area of freedom, security and justice for Europe's citizens - Action Plan Implementing the Stockholm Programme, Brussels*' [Ag seachadadh limistéar saoirse, slándála agus ceartais do shaoránaigh na hEorpa — Plean Gníomhaíochta lena gcuirtear chun feidhme Clár Stóicólm, an Bhruiséil], 20.4.2010, COM(2010) 171 final. I mír 13 de phlean gníomhaíochta 2010 maidir le Clár Stóicólm a chur chun feidhme, faoin gceannnteideal 'Cosaint ceart bunúsach/Grúpaí Soghonta a áirithiú,' tagraítear do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh a bheith ina bpáirtithe i gCoinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta.

Daoine Fásta a chur chun cinn agus chun scrúdú a dhéanamh ar na heasnamh a d'fhéadfadh a bheith ann agus a mbeadh tuilleadh gníomhaíochta ag teastáil ina leith⁷.

An 3 Bealtaine 2021, scríobh Airí Dlí agus Cirt na Seicia, na Fraince agus na Slóivéine chuig an gCoimisiún chun a iarraidh ar an gCoimisiún dlús a chur lena chuid oibre ullmhúcháin maidir le tionscnamh reachtach.

I mí an Mheithimh 2021, glacadh conclúidí ón gComhairle⁸ inar iarradh ar na Ballstáit, *inter alia*, Coinbhinsiún HecH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta a dhaingniú chomh tapa agus is féidir agus inar moladh don Choimisiún machnamh a dhéanamh ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann le creat dlíthiúil laistigh den Aontas chun cúrsaíocht beart cosanta a éascú agus tograí reachtacha a thíolacadh, más gá.

In 2021-2022, d'eagraigh Uachtaránacht na Portaingéile, Uachtaránacht na Fraince agus Uachtaránacht na Seice imeachtaí éagsúla chun feasacht a mhúscailt maidir leis an tsaincheist sin.

D'ainneoin na ngníomhaíochtaí sin, tá luas daingnithe an Choinbhinsiúin fós rómhall. I roinnt Ballstát, tá an dréachtdlí lena gcuirtear an daingniú chun feidhme ar feitheamh ar feadh na mblianta sa pharlaimint, nó níor thíolaic an rialtas é d'ainneoin gur tugadh an obair ullmhúcháin chun críche. Go hiarbhrí tá an Coinbhinsiún á chur i bhfeidhm go páirteach ag Ballstáit eile (go háirithe na rialacha maidir le dlínse agus an dlí is infheidhme) gan aon tionscnamh a ghlacadh chun an Coinbhinsiún a dhaingniú go foirmiúil. Thabharfadh sé sin le tuiscint go gceapfaí Údarás Lárnach chun an comhar idir Stáit Chonarthacha a dhéanamh éifeachtach.

Sa chomhthéacs sin, tá cinneadh déanta ag an gCoimisiún tionscnamh a thíolacadh arb é is aidhm dó údarú a thabhairt do na Ballstáit sin nach Páirtithe sa Choinbhinsiún iad go fóill é a dhaingniú nó aontú dó. Déantar tagairt don tionscnamh sin i gClár Oibre an Choimisiúin 2022: *'Molfaimid bearta [...] chun an comhar breithiúnach a neartú maidir le cosaint daoine fásta soghonta i staideanna trasteorann.*

Ós rud é go bhfuil Coinbhinsiún HecH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta ar oscailt do Stáit lena shíniú agus lena dhaingniú, Stáit a bhí ina gComhaltaí de Chomhdháil na Háige um an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach an 2 Deireadh Fómhair 1999⁹ (Airteagal 53 den Choinbhinsiún), beidh ar na Ballstáit seo a leanas an Coinbhinsiún a shíniú agus a dhaingniú araon: An Bhulgáir, an Spáinn, an Chróit, an Ungáir, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic agus an tSualainn. Os a choinne sin, ní bheidh ar Éirinn, an Iodáil, Lucsamburg, an Ísiltír ná an Pholainn an Coinbhinsiún a dhaingniú ós rud é gur shínigh siad é cheana féin. Beidh ar an Liotuáin aontú don Choinbhinsiún, mar a bhí sí ina Comhalta de Chomhdháil na Háige um an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach ón 23 Deireadh Fómhair 2001.

⁷ Comhdháil Chomhpháirteach CE-HCCH maidir le Cosaint Trasteorann do Dhaoine Fásta Soghonta, an Bhruiséil, 5-7 Nollaig 2018, <https://www.hcch.net/en/news-archive/details/?varevent=654>.

⁸ [Council Conclusions on the protection of vulnerable adults across the European Union](#) [Conclúidí ón gComhairle maidir le haosaigh shoghonta a chosaint ar fud an Aontais Eorpaigh] (7 Meitheamh 2021).

⁹ Airteagal 53:

(1) Beidh an Coinbhinsiún ar oscailt lena shíniú ag na Stáit a bhí ina gComhaltaí de Chomhdháil na Háige maidir leis an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach tráth a Ochtú Seisiún Déag.

(2) Déanfar é a dhaingniú, a ghlacadh nó a fhormheas agus taiscfear na hionstraimí daingniúcháin, glactha nó formheasta le hAireacht Gnóthaí Eachtracha Ríocht na hÍsiltíre, taiscí an Choinbhinsiúin.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Níl aon reachtaíocht de chuid an Aontais ann faoi láthair maidir le cosaint trasteorann do dhaoine fásta. Mar sin féin, tá an togra seo mar chuid de phacáiste ina bhfuil togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aitheantas agus forfheidhmiú beart, ionstraimí barántúla agus cumhachtaí ionadaíochta agus comhar in ábhair shibhialta a bhaineann le daoine fásta a chosaint. Déantar foráil sa togra i ndáil le roinnt de rialacha Choinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta a chur i bhfeidhm sna Ballstáit agus leagtar síos ann rialacha comhlántacha chun comhar níos dlúithe laistigh den Aontas a éascú sa réimse sin.

Baineann an togra seo le daingniú agus le haontachas na mBallstát sin nach bhfuil ina bPáirtithe fós i gCoinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta, arb é an t-aon ionstraim idirnáisiúnta amháin é a phléann le saincheisteanna dlí idirnáisiúnta phríobháidigh a bhaineann le cosaint trasteorann daoine fásta.

Baineann an dá thogra leis an dlí idirnáisiúnta príobháideach, réimse beartais atá dea-fhorbartha laistigh den Aontas. Go deimhin, ó 2000 i leith, tá roinnt gníomhartha reachtacha glactha ag an Aontas i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta a bhfuil impleachtaí trasteorann acu. Mar sin féin, ní rialaítear le haon cheann de na gníomhartha reachtacha sin gnéithe trasteorann d'inniúlacht dhlíthiúil daoine¹⁰ ná cosaint daoine fásta nach bhfuil in ann a leasanna féin a chosaint mar gheall ar a gcuid cumas pearsanta a bheith lagaithe nó neamhdhóthanach¹¹.

Bheadh feidhm ag an Rialachán atá beartaithe sna Ballstáit, agus bheadh feidhm ag Coinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta maidir le Stáit nach bhfuil san Aontas agus atá ina Stáit Chonarthacha sa Choinbhinsiún. Ós rud é go bhféadfadh caidreamh a bheith ag daoine fásta san Aontas i leith na mBallstát agus na Stát nach bhfuil san Aontas araon (mar shampla, go bhfuil maoin acu ann nó a bhfuil naisc phearsanta acu leo), tá sé rithabhachtach creat dlí idirnáisiúnta príobháideach comhleanúnach a bheith ann, dlí a bheadh infheidhme maidir le daoine fásta a chosaint san Aontas agus i Stáit nach bhfuil san Aontas araon atá ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún chun a áirithiú go gcosnófar daoine fásta i gcásanna idirnáisiúnta.

Dá bhrí sin, tá an dá thogra comhlántach le chéile agus dá bhrí sin cuirtear i láthair le chéile iad.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit ina bpáirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD), arb é atá ann, ó glacadh é in 2006, an bunús dlí idirnáisiúnta do chearta daoine faoi mhíchumas.

In Airteagal 3(c) de Choinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta tá forálacha a líomhnaítear a thugann tús áite do bhearta cinnteoireachta forghafa nó a bheith i bhfách leo (go príomha mar gheall ar úsáid an téarma ‘caomhnóireacht, coimircíocht agus institiúidí den chineál céanna’). Ardaíodh an cheist an bhféadfadh sé sin tús áite a thabhairt do bhearta lena mbunaítear cinnteoireacht fhorghafa seachas cinnteoireacht thacaithe, nó aitheantas a

¹⁰ Is é an t-aon eisceacht amháin riail maidir le cumas daoine nádúrtha i gcomhthéacs oibleagáidí conarthacha trasteorann in ábhair shibhialta agus thráchtála a leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha (An Róimh I).

¹¹ Airteagal 1(1) de Choinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta.

thabhairt do na bearta sin, agus an sáróidh sé an ceart chun neamhspleáchais agus comhionannais daoine fásta.

Aithníodh roinnt uaireanta comhsheasmhacht agus comhlántacht Choinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta leis na cearta a leagtar síos in UNCRPD, mar shampla sna Conclúidí agus Moltaí (conclúidí 2 agus 3) a glacadh ag Comhdháil Chomhpháirteach CE-HCCH thuasluaite in 2018¹².

Is ionstraim dlí idirnáisiúnta phríobháidigh é Coinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta. Tá sé neodrach maidir leis an dlí ábhartha, nach bhforordaíonn aon chineál beart, agus, ina bhrollach, luaitear go bhfuil leas an duine fásta agus meas ar a ndéan agus a neamhspleáchas ina mbreithniúcháin phríomha. Trí chomhar trasteorann a éascú agus trí bhacainní dlíthiúla agus iarbhir a bhaint, cuireann sé roinnt cuspóirí tábhachtacha de chuid UNCRPD chun cinn. Ina measc sin tá cuspóirí Airteagal 12 maidir le haitheantas comhionann os comhair an dlí agus Airteagal 32 maidir le comhar idirnáisiúnta, ar ina leith a bhunaítear córas Údarás Lárnach le Coinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta.

Ina theannta sin, maidir le daoine faoi mhíchumas, ní bhíonn cosaint trasteorann de dhíth ar gach duine de réir bhrí Choinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta, ach bíonn sí de dhíth ar na daoine sin faoi mhíchumas, agus orthu sin amháin, nach bhfuil in ann a leasanna pearsanta nó airgeadais a chosaint. Os a choinne sin, ní duine faoi mhíchumas é gach duine fásta a bhfuil a chumas síceasóisialta lagaithe.

Is fiú a mheabhru freisin gur chuir Coiste UNCRPD in iúl, ina thuarascáil ó 2015 maidir le cur chun feidhme UNCRPD san Aontas, gur ábhar imní dó é na bacainní atá le sárú ag daoine faoi mhíchumas agus iad ag bogadh ó Bhallstát amháin go Ballstát eile. Mhol an Coiste go ndéanfadh an tAontas ‘gníomhaíocht láithreach chun a áirithiú gur féidir le gach duine faoi mhíchumas agus a theaghlach leas a bhaint as cheart chun saorghluaiseachta ar bhonn comhionann le daoine eile’¹³.

Choimisiúnaigh an Rapóirtéir Speisialta staidéar dlíthiúil maidir le cearta daoine faoi mhíchumas¹⁴, agus rinne an Rapóirtéir Speisialta ráiteas comhpháirteach gaolmhar¹⁵ maidir le cearta daoine faoi mhíchumas agus an Saineolaí Neamhspleách ar dhaoine scothaosta a bheith ag tairbhiú de chearta uile an duine. Shoiléirigh siad sin an tsaincheist trí theacht ar an gconclúid go bhféadann Coinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta a dhóthain saoirse le haghaidh léirmhínte agus feabhsuithe praiticiúla, agus gur féidir leis forbairt chun nuachóiriú na ndlíthe náisiúnta a léiriú. Meabhraíonn an Rapóirtéir Speisialta go bhfuil forálacha i gCoinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta chun aon choinbhleacht le UNCRPD a sheachaint agus gur féidir leis an dá ionstraim forlíonadh a dhéanamh ar a chéile agus gur cheart dóibh déanamh amhlaidh. Ní mór don Aontas agus do na Ballstáit uile

¹² [88f10f24-81ad-42ac-842c-315025679d40.pdf \(hcch.net\)](https://www.hcch.net/88f10f24-81ad-42ac-842c-315025679d40.pdf)

¹³ Concluding observations on the initial report of the European Union: Committee on the Rights of Persons with Disabilities, (2015) draft prepared by the Committee.

¹⁴ Staidéar maidir le *‘Interpreting the 2000 Hague Convention on the International Protection of Adults Consistently with the UN Convention on the Rights of Persons with Disabilities (CRPD)’*. [‘Léirmhíniú a dhéanamh ar Choinbhinsiún 2000 na Háige um Chosaint Idirnáisiúnta Daoine Fásta go Comhsheasmhach le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (CRPD)’].

¹⁵ *Joint statement by the Special Rapporteur on the rights of persons with disabilities, Gerard Quinn, and the Independent Expert on the enjoyment of all human rights by older persons, Claudia Mahler – Reflections on the Hague Convention (2000) on the International Protection of Adults* [Ráiteas comhpháirteach ón Rapóirtéir Speisialta maidir le cearta daoine faoi mhíchumas, Gerard Quinn, agus an Saineolaí Neamhspleách ar dhaoine scothaosta a bheith ag tairbhiú de chearta uile an duine, Claudia Mahler – Machnamh ar Choinbhinsiún na Háige (2000) maidir le Cosaint Idirnáisiúnta Daoine Fásta], 8 Iúil 2021.

an tsolúbthacht maidir le léirmhíniú atá ar fáil a úsáid ar bhealach lena n-áiríteofar comhlíonadh an Choinbhinsiúin sin.

Agus Coinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta á chur i bhfeidhm, tá sé de cheangal ar na Stáit Chonarthaacha atá ina bPáirtithe in UNCRPD freisin UNCRPD agus na prionsabail a leagtar amach ann a urramú. Is cásdlí socair de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh é freisin go bhfuil coinbhinsiún idirnáisiúnta ina gcuid dhílis de dhlí an Aontais ionas nach mór dá gcur chun feidhme prionsabal na comhréireachta a chomhlíonadh, mar phrionsabal ginearálta de dhlí an Aontais¹⁶.

I mí an Mhárta 2021, ghlac an Coimisiún an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030¹⁷. Tugann an straitéis aghaidh go háirithe ar an tsaincheist maidir le ‘rochtain ar cheartas, cosaint dhlíthiúil, saoirse agus slándáil’ a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas. Chun an toradh sin a bhaint amach, i measc na dtionscnamh éagsúil, luaitear go sainráite ‘go n-oibreoidh an Coimisiún leis na Ballstáit chun Coinbhinsiún na Háige 2000 maidir le cosaint idirnáisiúnta do dhaoine fásta soghonta a chur chun feidhme i gcomhréir le UNCRPD, lena n-áirítear trí staidéar maidir le daoine fásta soghonta a chosaint i staideanna trasteorann, go háirithe iad siúd faoi mhíchumas intleachta, chun an bealach a réiteach chun go ndaingneoidh na Ballstáit uile é’¹⁸.

Rinneadh staidéar dlíthiúil an Choimisiúin in 2021¹⁹ agus, *inter alia*, thángthas ar an gconclúid i ndáil le daingniú Choinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta ag na Ballstáit uile, go dtabharfaí aghaidh ar chuid de na fadhbanna a bhaineann leis na bearnaí agus na neamhréireachtaí suntasacha atá ann i gcosaint trasteorann daoine fásta.

A luaithe a ghlacfaidh an Chomhairle an Cinneadh seo, beidh Coinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta ina chuid de dhlí an Aontais. Dá bhrí sin, féadfaidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh é a léirmhíniú i bhfianaise phrionsabail ghinearálta an Aontais - saorghluaiseacht daoine a choimirciú, rochtain ar cheartas, agus lánurraim do chearta bunúsacha - agus i bhfianaise UNCRPD.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Baineann an togra seo le húdarú Ballstát áirithe le coinbhinsiún idirnáisiúnta a dhaingniú nó aontú dó chun leasa an Aontais. Is le hAirteagal 81 CFAE a rialaítear an comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus thráchtála, Airteagal arb é an bunús dlí é dá bhrí sin le hinniúlacht an Aontais sa réimse seo. Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí is infheidhme i gcomhar le bunús dlí substainteach Airteagal 81(2) CFAE.

Níl feidhm ag Airteagal 81(3) CFAE toisc nach ábhar dlí teaghlaigh í cosaint trasteorann daoine fásta.

¹⁶ Féach, e.g. ordú an 9 Samhain 2021, Cás C-255/20, *Agenzia delle dogane e dei monopoli – Ufficio delle Dogane di Gaeta v Punto Nautica Srl*, mír 33, ECLI:EU:C:2021:926.

¹⁷ [Strategy for the rights of persons with disabilities 2021-2030](#) [Straitéis maidir le cearta daoine faoi mhíchumas, 2021-2030]

¹⁸ Féach mír 5.1 den Straitéis.

¹⁹ [Study on the cross-border legal protection of vulnerable adults in the Union, Publications Office of the Union\(europa.eu\)](#) [Staidéar ar chosaint dhlíthiúil trasteorann do dhaoine fásta soghonta san Aontas, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh(europa.eu)]

Ní mór an téarma ‘dlí teaghlaigh’ de réir bhrí Airteagal 81(3) CFAE a léirmhíniú go neamhspleách gan beann ar an sainmhíniú dá bhforáiltear i reachtaíocht náisiúnta na mBallstát.

Go dtí seo, rinne reachtaíocht an Aontais an coincheap a fhorléiriú go docht agus rinneadh é a theorannú do na rialacha lena rialaítear caidrimh theaghlaigh, amhail cúrsaí pósta, freagrachtaí tuismitheoirí nó oibleagáidí cothabhála.

Is minic a bhaineann daoine fásta soghonta tairbhe as cosaint a chuireann baill teaghlaigh ar fáil. I roinnt Ballstát, leagtar na cúraimí maidir le cosaint dhlíthiúil do dhaoine fásta soghonta, mar ábhar dlí, ar an gcéile nó ar bhaill teaghlaigh. Mar sin féin, níl teaghlach an duine fásta ach ar cheann de na comhthéacsanna inar féidir cosaint a áirithiú, agus é sin sa chás go bhfuil teaghlach ag an duine fásta sin. Ní ceanglas riachtanach é go mbeidh baint ag baill teaghlaigh leis an scéal, ná ní rialaítear é le rialacha faoin dlí idirnáisiúnta príobháideach. Ina ionad sin, is é is mó tábhacht maidir le cosaint daoine fásta an tacaíocht a chuirtear ar fáil, agus cearta an duine fásta chun dínite, chun féinchinntiúcháin, chun neamh-idirdhealaithe agus chun cuimsiú sóisialta a áirithiú, gan beann ar na gaolta teaghlaigh atá aige.

Ní mór a thabhairt faoi deara nach bhfuil aon tagairt i gCoinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta do ghaolta teaghlaigh (amhail ‘tuismitheoir’, ‘leanaí’ nó ‘céile’), rud atá contrártha le Rialacháin an Aontais a chumhdaíonn ábhair a bhaineann le dlí an teaghlaigh.

Leis an Rialachán atá beartaithe comhlánófar Coinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta agus ionchorprófar ann roinnt rialacha de chuid an Choinbhinsiúin, go háirithe na rialacha maidir le dlínse idirnáisiúnta agus an dlí is infheidhme, lena ndéanfar iad a chur i bhfeidhm go díreach sna Ballstáit.

Dá bhrí sin, de bhun dhlí-eolaíocht bhunaithe Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE), tá baol ann go bhféadfadh Coinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta difear a dhéanamh do raon feidhme an Rialacháin atá beartaithe nó a raon feidhme a athrú.

D’fhéadfadh gealltanais idirnáisiúnta difear a dhéanamh do raon feidhme rialacha an Aontais nó an raon feidhme sin a athrú i gcás ina mbaineann na gealltanais sin le réimse a chumhdaítear cheana féin den chuid is mó leis na rialacha sin nó i bhfianaise forbairtí intuartha ar dhlí an Aontais, mar atá sa chás seo²⁰.

Dá bhrí sin, tagann Coinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta faoi inniúlacht eisiach an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 3(2) CFAE.

Dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas Ballstáit a údarú le bheith ina bpáirtithe i gCoinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta, nó leanúint de bheith ina bpáirtithe ann.

Ós rud é nach féidir ach le Stáit a bheith ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún, nach bhfuil clásal ann a cheadódh don Aontas a bheith ina pháirtí ann, is féidir leis na Ballstáit é a dhaingniú nó aontú dó chomh maith le bheith ina bpáirtithe atá ag gníomhú ar mhaithe le leas an Aontais, de bhun dhlí-eolaíocht shocraithe de Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh²¹.

²⁰ Féach go háirithe Tuairim 1/13 míreanna 73 agus 74 agus an cásdlí a luaitear.

²¹ Tuairim 1/13 ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, mír 44, agus an dlí-eolaíocht a luadh.

Glacadh tionscnamh comhchosúil cheana féin in 2008 chun údarú a thabhairt do Bhallstáit áirithe Coinbhinsiún HCCH 1996 maidir le Cosaint Leanaí a dhaingniú nó aontú dó²².

De bharr Phrótacal Uimh. 21, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl bearta dlíthiúla a ghlactar i réimse an cheartais ina gceangal ná ní bheidh feidhm acu in Éirinn. A luaithe a chuirtear togra i láthair sa limistéar sin áfach, féadann Éire fógra a thabhairt faoina mian a bheith páirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an bhirt agus, a luaithe a ghlactar an beart, féadfaidh sí fógra a thabhairt faoina mian glacadh leis an mbeart.

I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

- **Comhréireacht**

Dréachtaítear an togra seo ar aon dul le Cinntí ón gComhairle a glacadh cheana lena n-údaraítear na Ballstáit le páirt a ghlacadh i gcoinbhinsiún idirnáisiúnta. Ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir maidir le gníomhaíocht chomhleanúnach an Aontais a bhaint amach maidir le cosaint trasteorann do dhaoine fásta trína áirithiú, i gcás na mBallstát nach bhfuil ina bPáirtithe fós sa Choinbhinsiún, go ndaingneoidh siad Coinbhinsiún HcCH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta nó go n-aontóidh siad dó laistigh de thréimhse áirithe ama.

Tuigtear freisin go gcoinníonn na Ballstáit a n-inniúlacht maidir le glacadh rialacha a rialáil faoin dlí substainteach atá dírithe ar dhaoine fásta a chosaint.

Urramaítear prionsabal na comhréireachta leis an togra dá bhrí sin.

- **An rogha ionstraime**

Ós rud é go mbaineann an togra le comhaontú idirnáisiúnta atá le daingniú agus le haontú chun leasa an Aontais ag Ballstáit áirithe, an t-aon ionstraim is infheidhme is ea Cinneadh ón gComhairle, de bhun Airteagal 218(6).

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Roimh an togra seo, mar aon leis an togra comhthreomhar le haghaidh Rialachán maidir leis an ábhar, rinneadh dianchomhairliúcháin leathana le páirtithe leasmhara.

Rinneadh **an comhairliúchán poiblí oscailte**²³ **agus an glao ar fhianaise**²⁴ go luath in 2022. Tromlach na bhfreagróirí, lena n-áirítear na Ballstáit agus eagraíochtaí gairmiúla a dhéanann

²² Cinneadh ón gComhairle an 5 Meitheamh 2008 lena n-údaraítear do Bhallstáit áirithe Coinbhinsiún 1996 na Háige maidir le Dlíne, an Dlí is Infheidhme, Aitheantas, Forfheidhmiú agus Comhar i ndáil le Freagracht Tuismitheora agus Bearta chun Leanaí a Chosaint a dhaingniú nó aontú dó, chun leasa an Chomhphobail Eorpaí, agus lena n-údaraítear Ballstáit áirithe le dearbhú a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm rialacha inmheánacha ábhartha dhlí an Chomhphobail, IO L 151, 11.6.2008, lch. 36.

²³ https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12965-Civil-judicial-cooperation-EU-wide-protection-for-vulnerable-adults_en

ionadaíocht ar dhlíodóirí agus nótaí, thacaigh siad le tionscnamh de chuid an Aontais lena gcuirfí d'oibleagáid ar na Ballstáit Coinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta a dhaingniú. D'iarr siad freisin ionstraim de chuid an Aontais lena bhforlíontar an Coinbhinsiún. Eagraíocht neamhrialtasach amháin, brateagraíocht chun cearta daoine faoi mhíchumas a chosaint, chuir sí in iúl go raibh inní uirthi maidir le cearta bunúsacha daoine fásta faoi mhíchumas, dá mbeadh ionstraim de chuid an Aontais i bhfabhar cúrsaíocht cinntí a rinneadh de shárú ar UNCRPD agus ar chearta bunúsacha daoine fásta faoi mhíchumas. Is ceist athfhillteach í seo a bhaineann leis an gcaidreamh idir UNCRPD agus Coinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta, ar ar tugadh aghaidh sa staidéar agus sa ráiteas comhpháirteach a luaitear faoi fhonótaí 14 agus 15.

Mar chuid den straitéis chomhairliúcháin, eagraíodh **cruinniú neamhfhoirmiúil ar líne le páirtithe leasmhara** an 29 Meán Fómhair 2022. Thairis sin, an 27 Deireadh Fómhair 2022, d'eagraigh an Coimisiún **cruinniú ar líne le saineolaithe ó na Ballstáit** chun faisnéis a chur ar fáil faoin tionscnamh maidir le daoine fásta a chosaint agus chun na chéad tuairimí a mhalartú.

Ar deireadh, le linn an chruinnithe a tionóladh an 7 agus an 8 Samhain 2022, chuathas i gcomhairle leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach in ábhair shibhialta agus thráchtála (EJN-civil) maidir leis an ról a d'fhéadfadh a bheith aige i dtionscnamh amach anseo.

Mar achoimre, d'fhéadfaí tacaíocht láidir agus aiseolas atá dearfach ar an iomlán i dtaca le Coinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta a shainaithint i ngach gníomhaíocht chomhairliúcháin. Ina theannta sin, léiríodh sna comhairliúcháin go raibh gá praiticiúil le bearta breise ar leibhéal an Aontais agus gur thacaigh an chuid is mó de na páirtithe leasmhara leis sin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Rinneadh **staidéar dlíthiúil**²⁵ in 2021. Tháinig údair an staidéir ar na conclúidí seo a leanas: (i) go bhfuil bearnaí agus neamhréireachtaí suntasacha ann i gcosaint trasteorann daoine fásta soghonta (rialacha maidir le dlínse, cumhachtaí ionadaíochta a aithint, easpa deimhneachta dlíthiúla agus fadhbanna praiticiúla do na húdaráis); (ii) le daingniú ginearálta Choinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta san Aontas Eorpach, thabharfaí aghaidh go díreach ar roinnt de na fadhbanna sin, fadhbanna atá ann idir na Ballstáit agus le Stáit nach bhfuil san Aontas araon; agus (iii) le hionstraim de chuid an Aontais, neartófaí a thuilleadh an chosaint a thugtar do dhaoine soghonta agus d'éascódh sí a saol agus obair na n-údarás freagrach.

Bailíodh saineolas breise maidir le cosaint trasteorann daoine fásta sa staidéar a ghabhann le Tuarascáil Tionscnaimh Reachtaigh Pharlaimint na hEorpa²⁶ (2016) agus i dTuarascáil na hInstitiúide Eorpaí um Dhlí²⁷ (2020).

²⁴ https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12965-Civil-judicial-cooperation-EU-wide-protection-for-vulnerable-adults/public-consultation_en

²⁵ [Study on the cross-border legal protection of vulnerable adults in the Union, Publications Office of the Union \(europa.eu\)](#) [Staidéar ar chosaint dhlíthiúil trasteorann do dhaoine fásta soghonta san Aontas, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh(europa.eu)]

²⁶ [Protection of Vulnerable Adults – European Added Value Assessment](#) [Daoine Fásta Soghonta a Chosaint – Measúnú ar Bhreisluach Eorpach]

²⁷ [The Protection of Adults in International Situations, report of the European Law Institute](#). [Cosaint Daoine Fásta i Staideanna Idirnáisiúnta, tuarascáil ón Institiúid Eorpach um Dhlí].

- **Measúnú tionchair**

In 2022 rinneadh measúnú tionchair chun iniúchadh a dhéanamh ar na roghanna beartais éagsúla atá ar fáil laistigh den Aontas d'fhonn feabhas a chur ar chosaint trasteorann daoine fásta agus chun measúnú a dhéanamh ar a dtionchar.

Ós rud é nach mbaineann an togra seo ach le daingniú agus aontú Choinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta ag Ballstáit áirithe, tabharfar míniú níos mionsonraithe ar thorthaí an mheasúnaithe tionchair sa togra le haghaidh Rialachán a ghabhann leis seo. Is iomchuí an anailís atá ann faoi láthair a theorannú don léiriú ar an rogha beartais deiridh.

Áirítear leis sin Rialachán lena gcomhlánaítear an Coinbhinsiún, agus daingniú an Choinbhinsiúin agus aontachas dó ag na mBallstáit sin nach bhfuil ina bPáirtithe ann go fóill. D'áiríteofaí leis sin go mbeadh feidhm ag rialacha iomchuí an Dlí Idirnáisiúnta Phríobháidigh chun daoine fásta a chosaint i staideanna trasteorann, ní hamháin ar leibhéal an Aontais, ach idir na Ballstáit agus tíortha nach bhfuil san Aontas freisin. Táthar ag súil freisin go spreagfadh daingniú na mBallstát uile níos mó Stát nach bhfuil san Aontas chun páirt a ghlacadh sa Choinbhinsiún.

- **Ceartha bunúsacha**

Is é cuspóir ginearálta na gníomhaíochta atá beartaithe ceartha bunúsacha daoine fásta a chosaint i gcomhréir le hAirteagal 6 CFAE, le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le UNCRPD.

I staideanna trasteorann, is éard a bheadh i gceist leis sin go háirithe díshealbhú nó diúltú rochtana ar mhaoin an duine fásta thar lear a chosc, rochtain ar cheartas a áirithiú, agus féinchinntiúchán agus neamhspleáchas na ndaoine fásta a áirithiú.

Trí rialacha an dlí idirnáisiúnta príobháidigh a chomhchuiibhiú, nascann Coinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta córais éagsúla dlí chun urraim neamh-idirdhealaitheach do chearta daoine fásta, cosaint a leasanna agus feidhmiú a n-inniúlachta dlíthiúla a éascú laistigh de raon feidhme an Choinbhinsiúin.

Léiríonn brollach an Choinbhinsiúin na luachanna seo a leanas: dearbhaíonn sé go bhfuil meas ar dhínit agus neamhspleáchas an duine fásta ina mbreithniúcháin phríomha. Bunaítear tosaíochtaí den sórt sin freisin i mbrollach UNCRPD.

Faoi rialacha an Choinbhinsiúin, má dhéanann údarás inniúil beart cosanta i Stát Conarthach amháin, ba cheart go leanfadh an beart sin d'éifeacht a bheith aige i Stát Conarthach eile, mar shampla i gcás ina dtarlóidh sé go mbogfaidh an duine fásta ó Stát Conarthach amháin go Stát Conarthach eile. Sa Choinbhinsiún áirítear coimircí freisin lena gceadaítear na bearta gan bheith aitheanta ná forghníomhaithe más rud é, mar shampla, go ndearna údarás nach raibh a dhlinse bunaithe ar cheann de na forais dá bhforáiltear sa Choinbhinsiún, nó nach raibh sí i gcomhréir leis, nó dá mbeadh aitheantas an bhirt contrártha do bheartas poiblí an Stáit iarrtha²⁸. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh neamhchomhlíonadh ceartha bunúsacha an duine fásta lena mbaineann an beart a bheith ina údar le haitheantas a dhiúltú.

²⁸ Féach Airteagal 22 de Choinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta le haghaidh liosta de na forais atá ar fáil d'údarás inniúil chun aitheantas agus forfheidhmiú birt a dhiúltú ar bhonn lánroghnach.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleachtaí buiséadacha ag an gcinneadh atá beartaithe don Aontas Eorpach.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ós rud é nach mbaineann an togra ach le húdarú Ballstát áirithe den Aontas Eorpach Coinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta a dhaingniú nó aontú dó, tá an faireachán ar a chur chun feidhme dírithe go príomha ar na Ballstáit sin cloí leis an tréimhse ama chun an Coinbhinsiún a dhaingniú nó aontú dó, i gcomhréir leis an gCinneadh ón gComhairle.

Mar sin féin, a luaithe a bheidh na Ballstáit uile ina bPáirtithe sa Choinbhinsiún, tá sé beartaithe roinnt gníomhaíochtaí a dhéanamh chun feacht ar an gCoinbhinsiún a ardú agus chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm i gceart é. Ina theannta sin, glacfar seasaimh chomhordaithe AE mar chuid den ullmhúchán do Choimisiún Speisialta a bheidh ann amach anseo maidir le hoibriú an Choinbhinsiúin; cuirfidh sé sin ar a chumas don Aontas faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na hionstraime seo ag na Ballstáit.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena n-údaraítear na Ballstáit le bheith ina bpáirtithe nó le leanúint de bheith ina bpáirtithe, chun leasa an Aontais Eorpaí, i gCoinbhinsiún an 13 Eanáir 2000 maidir le Cosaint Idirnáisiúnta Daoine Fásta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpach, agus go háirithe Airteagal 81(2), i gcomhar le hAirteagal 218(6), pointe (a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa¹,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá cuspóir leagtha amach ag an Aontas dó féin chun limistéar na saoirse, na slándála agus an cheartais a chruthú, a chothabháil agus a fhorbairt agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha ina n-áirítear saorghluaiseacht daoine agus rochtain ar an gceartas.
- (2) Chun an cuspóir sin a chomhlíonadh, tá roinnt gníomhartha reachtacha glactha ag an Aontas i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta a bhfuil impleachtaí trasteorann acu. Tá an tAontas ina Pháirtí freisin, ina cheart féin nó trína Bhallstáit a ghníomhaíonn chun leas an Aontais, i roinnt Coinbhinsiún idirnáisiúnta sa réimse céanna.
- (3) Níl aon reachtaíocht de chuid an Aontais ann, áfach, maidir le cosaint trasteorann do dhaoine fásta, nach bhfuil in ann a leasanna féin a chosaint mar gheall ar a gcuid cumas pearsanta a bheith lagaithe nó neamhdhóthanach, nó a d'fhéadfadh a éileamh go mbeidh an tacaíocht i bhfeidhmiú a n-inniúlachtaí dlítheanacha a thugtar dóibh i mBallstát amháin á tabhairt fós ar fud an Aontais.
- (4) D'fhéadfadh deacrachtaí éagsúla a bheith ann do dhaoine fásta i staideanna trasteorann, lena n-áirítear i gcás ina mbogann na daoine fásta sin go Ballstát eile nó i gcás ina bhfuil maoín nó sócmhainní acu i mBallstát eile. D'fhéadfadh deacrachtaí teacht chun cinn mar shampla i gcás inar gá bearta a rinneadh i mBallstát amháin chun daoine fásta a chosaint a agairt i mBallstát eile, nó i gcás inar gá cumhachtaí ionadaíochta arna ndeonú ag na daoine fásta atá le feidhmiú ag a n-ionadaithe a agairt ina dhiaidh sin thar lear nuair nach bhfuil na daoine fásta sin in ann a leasanna féin a chosaint. D'fhéadfadh iarmhairtí díobhálacha tromchúiseacha a bheith ag na deacrachtaí sin ar an deimhneacht dhlíthiúil i ndéileálacha trasteorann agus ar chearta agus ar fholláine na ndaoine fásta agus ar an meas ar a ndínit. Go háirithe, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí difear diúltach do chearta bunúsacha daoine fásta, amhail rochtain ar cheartas, an ceart chun féinchinntiúcháin agus neamhspleáchais, an ceart chun maoine agus chun saorghluaiseachta.

¹ IO C , , lch. .

- (5) Dá bhrí sin, tá gá le rialacha maidir leis an dlí idirnáisiúnta príobháideach lena rialaítear staideanna trasteorann chun feabhas a chur ar chosaint chearta bunúsacha daoine fásta a bhfuil a gcuid cumas pearsanta lagaithe nó neamhdhóthanach. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, áirítear rialacha den sórt sin i gCoinbhinsiún an 13 Eanáir 2000 maidir le Cosaint Idirnáisiúnta Daoine Fásta ('Coinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta'). Déantar foráil sa Choinbhinsiún maidir le rialacha i ndáil le dlínse, an dlí is infheidhme, aitheantas agus forfheidhmiú beart chun na daoine fásta sin a chosaint, i ndáil leis an dlí is infheidhme maidir le cumhachtaí ionadaíochta agus rialacha maidir le comhar i measc údaráis a bPáirtithe Conarthacha.
- (6) De bhun Choinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta, ní fhéadfaidh ach Stáit cheannasacha a bheith ina bpáirtithe ann. Ar an gcúis sin, d'fhéadfadh sé nach ndéanfaidh an tAontas an Coinbhinsiún sin a thabhairt i gcrích.
- (7) Is cuspóir seanbhunaithe de chuid an Aontais é daingniú Choinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta ag na Ballstáit uile agus aontachas dó.
- (8) Go dtí seo, tá an Bheilg, Poblacht na Seice, an Ghearmáin, an Eastóin, an Ghréig, an Fhrainc, an Chipir, an Laitvia, Málta, an Ostair, an Phortaingéil, agus an Fhionlainn ina bPáirtithe i gCoinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta. Shínigh Éire, an Iodáil, Lucsamburg, an Ísiltír agus an Pholainn é le déanaí.
- (9) An [...], chuir an Coimisiún togra reachtach isteach le haghaidh Rialachán maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aitheantas agus forfheidhmiú beart, ionstraimí barántúla agus cumhachtaí ionadaíochta agus comhar in ábhair shibhialta a bhaineann le daoine fásta a chosaint (an 'Rialachán atá beartaithe'). Déantar foráil sa togra i ndáil le cur i bhfeidhm roinnt de rialacha Choinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta idir na Ballstáit agus leagtar síos ann rialacha comhlántacha chun comhar níos dlúithe laistigh den Aontas a éascú sa réimse sin. Tá forluí ag forálacha an Rialacháin atá beartaithe le Coinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta agus tá dlúthnasc ag na forálacha sin leis.
- (10) Ar an ábhar sin, tá baol ann go bhféadfadh Coinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta difear a dhéanamh do raon feidhme an Rialacháin atá beartaithe nó a raon feidhme a athrú. Dá bhrí sin, tagann Coinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta faoi inniúlacht eisiach an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 3(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.
- (11) Dá bhrí sin, ba cheart don Chomhairle na Ballstáit nach bhfuil ina bpáirtithe go fóill i gCoinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta a údarú leis an gCoinbhinsiún a shíniú, a dhaingniú, nó aontú dó, chun leasa an Aontais, faoi na coinníollacha a leagtar amach sa Chinneadh seo. Ba cheart don Chomhairle údarú a thabhairt freisin do na Ballstáit atá ina bpáirtithe i gCoinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta, leanúint de bheith ina bpáirtithe ann.
- (12) Tá an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit ina bpáirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas ('UNCRPD').
- (13) Faoin gConradh ar an Aontas Eorpach agus faoin gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, is ag na Ballstáit atá an inniúlacht rialacha substainteacha agus nós imeachta a ghlacadh i réimse na cosanta do dhaoine fásta. Mar Pháirtithe Conarthacha in UNCRPD, áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh a ndlíthe substainteacha agus nós imeachta náisiúnta maidir leis an tslí a gcaitear le daoine fásta i gcomhréir leis na hoibleagáidí i ndáil le cearta an duine dá bhforáiltear le UNCRPD, lena n-áirítear bearta 'caomhnóireachta' agus 'coimircíochta' chomh maith le héagumasú dá

dtagraítear in Airteagal 3 de Choinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta.

- (14) Ba cheart rialacha Choinbhinsiún HccH 2000 maidir le Cosaint Daoine Fásta a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach leis na hoibleagáidí maidir le cearta an duine faoi UNCRPD.
- (15) Ba cheart go ndéanfaidh neamhchomhlíonadh na hoibleagáide sin difear freisin d'aitheantas agus forfheidhmiú beart arna ndéanamh ag tríú tíortha ag na Ballstáit.
- (16) [I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus le CFAE, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.] NÓ
- (17) I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn[, ina litir an ...], gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo
- (18) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leis seo, údaraíonn an Chomhairle na Ballstáit a bheith ina bpáirtithe nó leanúint de bheith ina bpáirtithe i gCoinbhinsiún an 13 Eanáir 2000 maidir le Cosaint Idirnáisiúnta Daoine Fásta ('an Coinbhinsiún'), chun leas an Aontais, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2.
2. Tá téacs an Choinbhinsiúin i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Déanfaidh an Bhulgáir, [Éire], an Spáinn, an Chróit, an Iodáil, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, an Ísiltír, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic agus an tSualainn na bearta is gá chun a n-ionstraimí daingniúcháin nó aontachais a thaisceadh le hAireacht Gnóthaí Eachtracha Ríocht na hÍsiltíre, ag gníomhú di ina cáil mar thaiscí den Choinbhinsiún, tráth nach déanaí ná [24 mhí tar éis dháta glactha an Chinnidh seo].

Airteagal 3

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*